AN ROINN OIDEACHAIS

DEPARTMENT OF EDUCATION

NA LOCHLANNAIGH

THE VIKINGS

Nótaí le dul leis an stiallscannán den ainm céanna.
Notes to accompany the filmstrip of the same title.

Stiallscannán agus Nótaí arna gcur amach ag

AN ROINN OIDEACHAIS,
BAILE ÁTHA CLIATH 1.

Filmstrip and Notes issued by

THE DEPARTMENT OF EDUCATION,
DUBLIN 1.

NA LOCHLANNAIGH

THE VIKINGS

Cuireadh na frámaí don stiallscannán seo ar fáil ag

AN MÚSAEM NÁISIÚNTA,

AMBASÁID RÍOGA NA DANMHAIRGE,
BAILE ÁTHA CLIATH,

INSTITIÚID NÁISIÚNTA NA SCANNÁN.

Slides for this filmstrip were provided by

THE NATIONAL MUSEUM,

THE ROYAL DANISH EMBASSY,
DUBLIN,

THE NATIONAL FILM INSTITUTE OF
IRELAND.

An Roinn Oideachais, Baile Átha Cliath, 1974.

NA LOCHLANNAIGH*

Níorbh iad Éire agus an Bhreatain amháin a d'fhulaing ansmacht agus crá na Lochlannach. Ar feadh trí bhliain déag, sular baisceadh ag an bpláigh iad, bhí na hÍsil Tíortha agus oirthuaisceart na Fraince cráite go mór ag "Arm Mhór" na Lochlannach. Thugadar aghaidh ó dheas agus d'ionnsaídear áitritheoirí cóstaí na Spáinne agus na Portaingéile agus ag gabháil dóibh trí Chaolas Gibraltar loisceadar cósta na Meánmhara chomh fada soir leis an Iodáil.

Níorbh fhoghlaithe mara amháin iad. Léiríonn a scéalta agus na ságaí, le treise, gur daoine iad a raibh dúil thar an gcoiteann acu i bhfionnachtaí agus gníomhartha gaisce. Bhíodar ar na tógálaithe loinge agus ar na loingeoirí a b'fhearr a bhí ann lena linn agus chomh maith leis sin bhíodar neamheaglach mar mhairnéalaigh. Thugadar aghaidh siar ar Inse Oirc agus siar arís ar Inis Tuile agus siar fós ar chósta na Graonlainne. Tá cuid mhaith fianaise ann a thabharfadh le tuiscint gur sheoladar ó chósta na Graonlainne go dtí an mhórthír i Meiriceá Thuaidh. Is cinnte nár ghníomh thar acmhainn dóibh a leithéid a dhéanamh.

*Lochlannaigh - na foghlaithe mara ón Ioruaidh, ón tSualainn agus ón Danmhairg a thosaigh ag gníomhú i dtús na hochtú aoise agus a tháinig chun deiridh i ndeire na dara haoise déag. Níl na scoláirí ar aon fhocal maidir le fréamhú an fhocail, ach measann a lán acu go dtagann an téarma ón bhfocal Ioruaise "vik" a chiallaíonn camas nó góilín. Baineann an téarma "Viking" le litríocht Chríocha Lochlainn ach in Éirinn baisteadh Gaill nó Lochlannaigh orthu, i Sasana Dani, san Fhrainnc Normannai agus in Oirthear na hEorpa agus i gcuid d'iarthar na hÁise tugadh Rus ar na Sualanaigh. (c.f. Brnstead "The Vikings" (Pelican) - pp. 36 - 39).